

## Seachtain na Gaeilge 2021

Tosaíonn Seachtain na Gaeilge ar an 1ú Márta (go dtí 17ú Márta). Ba chóir go mbeimid ag déanamh iarracht tuilleadh Gaeilge a úsáid i rith an lae - ar scoil agus sa bhaile. Tá neart moltaí do scoileanna ar fáil ar shuíomh idirlíon na féile [www.snag.ie](http://www.snag.ie) idir cluichí, cuardach focal agus rang ealaíne. Eagraíonn Seachtain na Gaeile le Energia go leor comórtas don fhéile, gníomhaíochta do pháistí bunscoile ina measc.

### Cluichí



Is bealach taitneamhach spráúil iad cluichí chun spéis a mhúscailt sa Ghaeilge i measc do dhaltáí (agus a dtuismitheoirí). Ní gá go mbeadh siad casta, agus is féidir le múinteoirí leagan Gaeilge a chruthú de na cluichí a imríonn siad sa rang cheana féin. Tá frásaí úsáideacha curtha le chéile ar [www.snag.ie](http://www.snag.ie). I measc na leideanna agus cluichú atá luaite ar an suíomh tá Snap, Deir O'Grádiagh, Cearnóga Scéil agus Searáidí.

### Toraíocht taisce

Má tá aimsir deas againn is féidir le ranganna toraíocht taisce a eagrú timpeall fhearann na scoile. Tá sé deas do pháistí a bheith ag spraoi i dtimpeallacht spreagúil amuigh faoin aer agus ag cleachtadh a scileanna cumarsáide, treodóireachta agus scileanna léamh léarscáileanna.



## Tráth na gCeist



Is féidir Tráth na gCeist spráúil a eagrú agus tá go leor ceisteanna ar fáil sa lámhleabhar snag [anseo](#) agus dóibh súid atá fós sa bhaile/ag cianfhoghlaim, is féidir é a chruthú ar líne nó cur i láthair PowerPoint a úsáid.

## Codáil



Is féidir le daltaí a scileanna ríomhaireachta a fheabhsú le codáil. Tá an bogearra ‘Scratch’ ar fáile trí Ghaeilge agus is féidir é a íoslódáil saor in aisce ar líne.

## Ealaín



### **Dath de réir uimhreacha**

Tá deiseanna do mhúinteoirí ealaíona cruthaitheacha a dhéanamh trí Ghaeilge. I lámhleabhar ‘SNAG’ tá gníomhaíocht ‘*dath de réir uimhreacha*’.

### **Póstaer**

Beidh Paráid na Féile Pádraig ar líne i mbliana, agus is féidir le daltaí póstaer agus fearas stáitse a dhéanamh sa rang. B’fhéidir go mbeidh ‘Mórshiúil’ ar scoil roimh Lá Fhéile Phádraig (agus má tá páistí níos sine fós ag cianfhoghlaim sa bhaile is féidir leo bheith páirteach ar líne/trí fhíseáin).

## Corpoideachais

Anuas ar fhás agus forbairt shláintiúil a chur chun cinn, léirítear i roinnt staidéar go bhfeabhsaíonn an taithí gluaiseachta dhearfach a fhiosraítear le linn ceachtanna corpoideachais cumas an linbh díriú ar rudaí, a shuim a choinneáil beo, cuidíonn sí le strus agus inní a laghdú agus spreagann sí spéis sa ghníomhaíocht choirp feadh an tsaoil.

Forbraíodh an acmhainn seo le gníomhaíochtaí ó Scoilnet chun tacú le teagasc Corpoideachais ag gach leibhéal ranga (in aon snáithe) sa bhunscoil.

<https://www.scoilnet.ie/ga/pdst/120noncontactpe/>



Tá cluichí chlóis le fáil ag an nasc seo: <https://t.co/711gl4RUCf?amp=1>

## RTÉ Home School Hub

Beidh cluichí éagsúla ar siúl ag Séamus Madra i rith Sheachtain na Gaeilge a chuideoidh leis an uile dhuine cur leis an stór focal Gaeilge atá acu. Agus beidh Niall agus Seán McDonagh, beirt deartháireacha ón gcomhlacht léiriúcháin High Rock Productions isteach is amach ar Home School Hub lena ndearcadh greannmhar féin ar an spraoi agus ar an gcantal a théann le foghlaim na Gaeilge. Luan go Aoine ag a 10.00 ar RTÉ TWO.

# Lá na Meán Sóisialta

## Céadaoin 10ú Márta

Beidh ‘Lá na Meán Sóisialta’ ar siúl ar an 10ú Márta agus is féidir le scoileanna páirt a glacadh i bhfeachtas ag úsáid an hashchlib **#LNMS21**.

Tá ceardlanna eagraithe do bhunscoileanna ar fáil:



<u>Ceardlanna bunscoile</u>	<u>Seisiún 1</u>	<u>Seisiún 2</u>
Ceardlanna Raidió le Raidió Rí-Rá	10:00	11:00
Ceardlann Scratch le TechSpace	10:00	11:00
Seisiún aclaíochta le StrongSaol	10:00	11:00